C/2024/3397

28.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11546 — UNICREDIT / ALPHA BANK ROMANIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3397)

1. An 17 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— UniCredit S.p.A. ('UniCredit', an Iodáil),

— Alpha Bank Romania S.A. ('Alpha Bank Romania', an Rómáin), faoi rialú deiridh Alpha Services and Holdings S.A. (an Ghréig).

Gheobhaidh UniCredit rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Alpha Bank Romania ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is institiúid creidmheasa údaraithe é UniCredit agus soláthraíonn sé seirbhísí éagsúla baincéireachta agus airgeadais san Aontas Eorpach, mar shampla baincéireacht mhiondíola agus baincéireacht chorparáideach, seirbhísí ar an margadh airgeadais agus seirbhísí airgeadais eile,

— Is institiúid creidmheasa údaraithe é Alpha Bank Romania agus soláthraíonn sé seirbhísí éagsúla baincéireachta agus airgeadais sa Rómáin, mar shampla baincéireacht mhiondíola agus baincéireacht chorparáideach, seirbhísí ar an margadh airgeadais agus seirbhísí airgeadais eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11546 — UNICREDIT / ALPHA BANK ROMANIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.